



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Baile Átha Cliath ar Do Thoil Cuir aithne ar do Chomhairle Cathrach





Baile Átha Cliath ar Do Thoil Cuir aithne ar do Chomhairle Cathrach

Taighde agus scríobh le
Anne Gannon le cúnamh
ó **Avril Kiernan**

Leasaithe agus nuashonraithe
ag **Sheela Keane**
le **Bernadette Cogan**





Foilsithe den chéad uair in 2008
ag Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Leabharlann agus Cartlann
Chathair Bhaile Átha Cliath
138 – 144 Sráid an Phiarsaigh
Baile Átha Cliath 2
D02 HE37

An 5ú heagrán 2017

ISBN – 978-0-9505488-1-4
© Leabharlanna Poiblí Chathair
Bhaile Átha Cliath 2017

Réamhrá leis an Ardmhéara



Fáilte go ‘Baile Átha Cliath ar Do Thoil’, do threoir do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an eagraíocht a thoghtar go daonlathach agus a rialaíonn Cathair Bhaile Átha Cliath. Má tá tú i do chónaí, i mbun staidéir nó ag obair i gCathair Bhaile Átha Cliath, bíonn tionchar ag gach rud a dhéanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar do shaol. Sa treoir seo, foghlaimoidh tú faoin gcaoi a n-oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoin gcaoi a mbaineann sí a cuid aidhmeanna amach agus faoin gcaoi le níos mó eolais a fháil faoi shaincheistean a théann i bhfeidhm ar a cuid saoránach.

Agus iad ag obair as lámha a chéile, is féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus muintir na cathrach áit iontach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath chun cónaí, oibriú nó spraoi ann.

Nuair a bhíonn na daoine atá ina gcónaí, ag obair agus i mbun staidéir i gCathair Bhaile Átha Cliath rannpháirteach go gníomhach ina bpobail, bíonn fíorthionchar dearfach ag a n-iarrachtaí ar shaol na cathrach. I gcás go leor daoine, is ionann sin agus cabhrú le club spóirt áitiúil, páirt a ghlacadh i gcumann cónaitheoirí nó tionóntaí, nó obair dheonach a dhéanamh le carthanas áitiúil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh daoine rannpháirteach i saoránacht ghníomhach le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tríthi – d’eagraíocht a thoghtar go daonlathach.

Neartaítear an daonlathas áitiúil nuair a bhíonn saoránaigh rannpháirteach go gníomhach i dtodhchaí roinnte a bhaint amach. Mar gheall ar rannpháirteachas gníomhach na saoránach, is féidir caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil a fheabhsú, chomh maith le caighdeán na díospóireachta daonlathaí agus an phlé faoi chinntí a bhaineann le todhchaí na cathrach.

Tréaslaím le foireann Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath as a dtionscnamh agus iad ag foilsiú na treorach seo, a chuireann leis an bpróiseas chun saoránacht ghníomhach sa phobal a spreagadh.

An Comhairleoir Míchéal Mac Donncha
Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Clár an Ábhair

Réamhrá	8
Maidir le Saoránacht	9
Téarmaí Úsáideacha	9
Daonlathas agus Ionadaíocht	10
Cén chaoi a ndéanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ionadaíocht ar mhuintir Bhaile Átha Cliath?	12
Cén chaoi a mbaineann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a haidhmeanna amach agus cén chaoi a dtugann sí faoina dualgais?	13
Cén chaoi a dtugann na comhairleoirí cathrach faoina ndualgais?	13
Cruinnithe Comhairle	14
Cén chaoi a bhfaighidh mé amach faoina dtarlaíonn ag cruinnithe comhairle?	16
Ardmhéara Bhaile Átha Cliath	18
Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil leo?	19
Comhairleoirí Cathrach Bhaile Átha Cliath (de réir ceantair)	19
Cén fáth ar cheart dom vóta a chaitheamh?	24
An bhfuilim i dteideal vóta a chaitheamh?	26
Cén chaoi a bhfaighidh mé amach an bhfuilim ar Chlár na dTogthóirí?	27
Cén chaoi a gcláraím le vóta a chaitheamh?	28
Cén chaoi a gcaitear vóta: céard a dhéantar lá na vótála?	29
An Príomhfheidhmeannach	31
Foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	31
Céard iad príomhsheirbhísí agus príomhfhreagrachtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?	32
Cá bhfaigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-airgead chun íoc as seirbhísí?	33
Cá bhfuil oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?	34
Cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi aon cheann dá seirbhísí?	35
Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú leis an daonlathas	37
Léitheoireacht mholta agus tuilleadh taighde	38

Réamhrá

Ar chuimhnigh tú riamh céard a tharlódh mura dtabharfaí aire do na soilse ar na sráideanna poiblí? Nó mura mbeadh aon leabharlanna poiblí ann a thuilleadh? Nó páirceanna cathrach? Samhlaigh cathair gan aon bhainistíocht tráchta ná rialacháin páirceála?

Cuireann siad sin ar fad le caighdeán feabhsaithe saoil do chách, beag beann ar a n aois. Tá siad riachtanach chun cathair shábháilte, spleodrach agus shócmhainneach a chruthú inar féidir cónaí agus oibriú. Tá eagraíocht amháin i gCathair Bhaile Átha Cliath atá freagrach as na seirbhísí sin agus neart seirbhísí eile a chur ar fáil, as cúram a dhéanamh de mhuintir na cathrach agus as comhshaol na cathrach, agus as planáil do riachtanais na cathrach sa todhchaí. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an eagraíocht sin. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t údarás áitiúil a thoghtar go daonlathach agus a rialaíonn Cathair Bhaile Átha Cliath. Is í an t údarás áitiúil i mó in Éirinn í. Sainíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a haidhm mar seo a leanas:

Soláthróidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí ardchaighdeán dá muintir agus dá cuairteoirí agus gníomhóidh sí chun an fhéiniúlacht ar leith atá ag Baile Átha Cliath a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach a thabharfaidh aitheantas don am atá caite agus a chinnteoidh go dtiocfaimid slán san am atá romhainn.

Ráiteas Misin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Maidir le Saoránacht

Sa treoir seo tuigtear ‘an tsaoránacht’ sa chiall is leithne de fhreagracht saoránaigh, is é sin a bheith rannpháirteach i bpobal atá bunaithe ar an gcomhionannas, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an tsaoirse. Meastar gur saoránach de chuid Bhaile Átha Cliath aon duine a chónaíonn nó a oibríonn i gcathair Bhaile Átha Cliath. Níor cheart é sin a mheascadh leis an sainmhíniú dlí níos teoranta ar an tsaoránacht nach mbaineann ach leo siúd ar saoránaigh de chuid na hÉireann iad mar gheall ar a mbreith, a muintir nó eadóirsiú. Tá na sonraí iomlána faoi shaoránacht na hÉireann ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha ar www.dfa.ie.

Téarmaí úsáideacha

Daonlathas: an córas rialtais ina dtoghann saoránaigh iad siúd a rialaíonn iad gan aon bhac.

Údarás Áitiúil: aonad an rialtais áitiúil in Éirinn, a chuimsíonn comhairlí cathrach agus contae.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: an t-údarás áitiúil a thoghtar go daonlathach agus a rialaíonn Cathair Bhaile Átha Cliath.

An tArdmhéara: céadsaoránach chathair Bhaile Átha Cliath, cathaoirleach na Comhairle tofa agus ambasadóir don chathair.

Comhairleoirí: ionadaithe poiblí a thoghtar go daonlathach, comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a rialaíonn ag leibhéal áitiúil.

Príomhfheidhmeannach na Comhairle Cathrach: Freagrach as oibríocht na heagraíochta ó lá go lá agus as cinntí na comhairle a chur i bhfeidhm.

Ceart vótála: i gcomhthéacs an daonlathais, an ceart chun vóta a chaitheamh i dtoghchán.

Clár na dTogthóirí: liosta na ndaoine atá i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghchán.

Buiséad: an t-airgead a úsáideann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí a sholáthar don chathair.

Ráta: an tsuim airgid a íocann gnóthaí i gcathair Bhaile Átha Cliath le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as na seirbhísí a sholáthraítear.

Fodhlíthe: dlíthe a dhéanann údarás áitiúil nach mbaineann ach leis an gceantar a rialaíonn an t-údarás.

Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath: an cháipéis a fheidhmíonn mar threoirphlean do phleanáil agus forbairt i mBaile Átha Cliath. Úsáidtear é mar threoir nuair atá cinntí á ndéanamh faoi chead pleanála.

Saoirse na Cathrach: an teideal onórach a bhronnann an Chomhairle Cathrach orthu siúd a chuir go mór le saol na cathrach.

Daonlathas agus Ionadaíocht

Moltar do dhaoine a bhfuil spéis acu tuilleadh a fhoghlaim faoi stair na Cathrach, agus an próiseas ba chúis le rialachas daonlathach, cuairt a thabhairt ar ‘Dublin City’s Hall: The Story of the Capital’, Halla na Cathrach, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.

Bíonn an taispeántas ar oscailt gach lá.

Tá tuilleadh eolais ar an suíomh gréasáin faoi na huaireanta oscailte agus táillí isteach:

www.dublincity.ie/dublincityhall

Tá cóipeanna clóite d’achtanna uile an Oireachtais go dtí 2010 sa Lárionad um Fhaisnéis Gnó. Is féidir cóipeanna digiteacha d’achtanna ina dhiaidh sin a fheiceáil sa Lárionad um Fhaisnéis Gnó tríd an suíomh gréasáin www.oireachtas.ie

Feidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath laistigh de chóras polaitiúil foriomlán an daonlathais ionadaíoch. I ndaonlathas ionadaíoch, ní bhíonn cumhacht dhíreach ag saoránaigh; toghann siad ionadaithe chun cinntí a dhéanamh. Tá trí chineál ionadaithe tofa in Éirinn:

- feisirí de Pharlaimint na hEorpa a rialaíonn ar leibhéal na hEorpa agus a dhéanann dlíthe atá i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh;
- comhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, dhá Theach an Oireachtais, a rialaíonn in éindí ar leibhéal náisiúnta agus a dhéanann dlíthe atá i bhfeidhm ar fud na hÉireann; agus
- comhaltaí na gComhairlí Cathrach agus Contae, a rialaíonn ar leibhéal áitiúil agus a dhéanann dlíthe nach mbíonn i bhfeidhm ach sa chathair nó sa chontae a thoghann iad.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina cuid de struchtúr an rialtais áitiúil a dhéanann ionadaíocht daonlathach ar phobail áitiúla. Bunaíodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ar ar tugadh Bardas Átha Cliath go dtí 2001) in 1548 faoi Chairt a d’eisigh Edward VI.

Le himeacht na mblianta achtaíodh go leor reachtaíochta a d’imir tionchar ar an rialtas áitiúil, ach ní raibh foráil shonrach don rialtas áitiúil i mBunreacht na hÉireann go dtí 1999. Ordaíonn an fhoráil sin (Airteagal 28A) go dtoghfar údarás áitiúla go díreach agus go reáchtálfar toghcháin áitiúla gach cúig bliana ar a laghad. Is é an píosa reachtaíochta is deireanaí a bhaineann leis an údarás áitiúil an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. D’ordaigh an tacht roinnt athruithe suntasacha ar eagrú agus ar obair na n-údarás áitiúil. Ina measc siúd bhí cónascadh cuid de na húdaráis áitiúla agus deireadh a chur le comhairlí baile. Is é an príomhphíosa reachtaíochta faoina bhfeidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001. Tá an tacht sin ar fáil lena léamh sa Lárionad um Fhaisnéis Gnó sa Leabharlann Lárnach, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1.



Cén chaoi a ndéanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ionadaíocht ar mhuintir Bhaile Átha Cliath?

Toghann muintir Bhaile Átha Cliath 63 ionadaí poiblí, ar a dtugtar comhairleoirí, gach cúig bliana. Tá aon duine atá ar Chlár na dToghthóirí i dteideal vóta a chaitheamh sna toghcháin áitiúla sin (feic an chuid faoi Vótáil agus Toghcháin ar leathanach 19). Is é ról na gcomhairleoirí cathrach tofa an creat beartais ina bhfeidhmíonn an chathair a shocrú. I measc a gcuid dualgas tá

- fodhlíthe atá i bhfeidhm laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh agus a leasú;
- maoirsiú a dhéanamh ar bhuiséad airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; agus
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a ullmhú nó a athrú.

Má fhaigheann comhairleoir bás nó má fhágann comhairleoir an oifig idir toghcháin, comhthoghann na comhairleoirí eile duine éigin chun a theacht i gcomharba air nó uirthi. (Tá na rialacha agus nósanna imeachta chun comhthoghadh a dhéanamh foirmeálta san Acht Rialtais Áitiúil, 2001.) Ag an gCruinniú Cinn Bhliana toghann na comhairleoirí Ardmhéara agus Leas Ardmhéara ina measc féin.

Cén chaoi a mbaineann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a haidhmeanna amach agus céin chaoi a dtugann sí faoina dualgais?

Tá roinnt bealaí ann ina dtugann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoina feidhmeanna agus ina mbaineann sí a haidhmeanna amach. Cinneann comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an beartas foriomlán. Tugann an Príomhfheidhmeannach agus a fhoireann faoi bhainistíocht na seirbhísí ó lá go lá.

I measc cuid de phríomhfhreagrachtaí na gcomhairleoirí cathrach (ar a dtugtar ‘feidhmeanna forchoimeádta’) tá

- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú agus a chúlghairm;
- glacadh leis an ‘Meastachán ar Speansais’ bliantúil ag an gcruinniú bliantúil buiséid;
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a ullmhú nó a athrú; agus
- iasachtaí a cheadú.

Tugann an Príomhfheidhmeannach faoi ‘fheidhmeanna forchoimeádta’ Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Áirítear ina measc siúd

- maoirsiú agus bainistiú fhostaithe na comhairle agus iad a íoc;
- teagmhálacha a dhéanamh ar son na Comhairle;
- agus séala oifigiúil na Comhairle a chur le cáipéisí.

Cén chaoi a dtugann na comhairleoirí cathrach faoina ndualgais?

Tugtar faoi chuid mhaith d’obair 63 comhairleoir Bhaile Átha Cliath i gcruinnithe ina ndéantar cinntí a théann i bhfeidhm ar shaol gach duine i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Cruinnithe Comhairle

Tionólaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cruinnithe poiblí éagsúla ina ról mar fhóram d'ionadaithe poiblí. Tá cúig chatagóir nó chineál cruinnithe ann:

Cruinnithe Míosúla: reáchtáiltear iad sin ar an gcéad Luan de gach mí i Seomraí na Comhairle Cathrach i Halla na Cathrach. Cruthaíonn na cruinnithe sin fóram ginearálta inar féidir le hionadaithe tofa a bheith i mbun plé agus cinntí a dhéanamh faoi chúrsaí a bhaineann le folláine na cathrach.

Cruinnithe Bliantúla: reáchtáiltear an Cruinniú Cinn Bhliana i Halla na Cathrach ag deireadh mhí an Mheithimh gach bliain. Toghann na comhairleoirí cathrach Ardmhéara Bhaile Átha Cliath agus an Leas Ardmhéara ag an gcruinniú seo.

Cruinnithe Buiséid: tionóltar iad seo i ndeireadh mhí na Samhna nó tús mhí na Nollag gach bliain nuair a bhíonn na comhairleoirí cathrach ag cur agus ag cúiteamh faoi bhuiséad bliantúil na cathrach agus á chomhaontú. Comhaontaíonn na comhairleoirí cathrach 'ráta' ag na cruinnithe seo freisin, is é sin an tsuim airgid a focann gnóthaí i gcathair Bhaile Átha Cliath le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as na seirbhísí a sholáthraítear.

Cruinnithe Coiste Ceantair: tionólaíonn na hionadaithe tofa iad seo i ngach ceann de chúig cheantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is iad na cúig cheantar riaracháin an Lárcheantar, Ceantar an Lárthuaiscirt, Ceantar an Iarthuaiscirt, Ceantar an Lárdheiscirt, agus Ceantar an Oirdheiscirt. Tionóltar na cruinnithe Coiste Ceantair uair sa mhí agus tugann siad deis cúrsaí nach mbaineann ach leis an gceantar áitiúil a phlé.

Cruinnithe na gCoistí Beartais Straitéisigh: tionóltar iad seo gach re mí chun roghanna malartacha beartais do cheantair feidhmiúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a ullmhú agus a phlé. Déanann gach Coiste Beartais Straitéisigh beartais a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheapadh, a fhorbairt, a fhaire agus a athbhreithniú, agus cuireann siad comhairle ar an gComhairle dá réir.

Cruinnithe Comhairle (ar lean)

Braitheann líon na gcomhaltaí ar an gCoiste atá i gceist. Tá deichniúr ar roinnt coistí; tá 14 dhuine ar choistí eile. Is féidir líon na gcomhaltaí ar gach coiste a mhéadú nó a laghdú má cheadaíonn an Chomhairle Cathrach é. Bíonn comhairleoirí cathrach agus ionadaithe ó earnálacha difriúla ar na coistí; mar shampla, ceardchumann, gnóthaí áitiúla agus eagraíochtaí áitiúla pobail agus deonacha.

Is iad na Coistí Beartaís Straitéisigh reathae:

- Ealaíona, Cultúr agus Áineasa;
- Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Caidreamh Idirnáisiúnta;
- Airgeadas agus Seirbhísí Éigeandála;
- Tithíocht;
- Comhshaol;
- Pleanáil agus Forbairt Maoine; agus
- Iompar.

Oibríonn cathaoirleach gach Coiste Beartaís Straitéisigh leis an Ardmhéara ar an nGrúpa Beartaís Chorpáraidigh. Nascann an grúpa seo obair gach coiste agus tugann sé fóram inar féidir seasamh beartaís a théann i bhfeidhm ar an gcomhairle ar fad a chomhaontú le cur faoi bhráid na gcomhaltaí ar fad.

Líonraí Rannpháirtíochta an Phobail: tugadh isteach iad seo i ndiaidh an tAcht Rialtais Áitiúil, 2014 a achtú. Bunaíodh iad chun rannpháirtíocht an phobail a éascú chomh maith le hionadaíocht ar choistí agus comhlachtaí cinnteoireachta sa rialtas áitiúil. Tá eagraíochtaí i ngach líonra ó na hearnálacha pobail, deonacha nó comhshaoil. Is é Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath an príomhbhealach a nascann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis na grúpaí sin. Chomh maith le bealach a thabhairt dóibh chun dul i bhfeidhm ar an gcinnteoireacht, tugtar deis dóibh freisin teacht ar eolas, oiliúint agus deiseanna líonraithe le grúpaí eile.

Tá níos mó eolais faoi Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath ar www.dublincityppn.ie

Cén chaoi a bhfaighidh mé amach faoina dtarlaíonn ag cruinnithe comhairle?

Tugann Alt 45 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ceart ginearálta don phobal agus don phreas a bheith i láthair ag cruinnithe údaráis áitiúil. Má theastaíonn uait freastal ar chruinniú, ba cheart duit dul i dteagmháil le do chomhairleoir áitiúil agus cuireadh chun freastail a iarraidh. Ní theastaíonn cuireadh chun freastail ó aon duine ag a bhfuil cárta preasa bailí. Tá tú i dteideal freastal ar aon chruinniú comhairle.


Tugtar dátaí agus amanna na gcruinnithe comhairle ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is féidir eolas a lorg faoi na cruinnithe sin ag aon oifig comhairle nó leabharlann phoiblí freisin.

Chomh maith le freastal ar chruinniú comhairle tú féin, is féidir leat breathnú ar Chruinniú Míosúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath beo ar chraoladh gréasáin

Is féidir leat breathnú ar rogha de chruinnithe comhairle i rannóg cartlainne an tsuímh gréasáin freisin. Oscail www.dublincity.ie, téigh go 'Your Council' agus roghnaigh an nasc 'Council Meetings'. Tabharfaidh an nasc sin go rannóg thú inar féidir leat teacht ar chraoltaí gréasáin de chruinnithe comhairle beo nó breathnú ar chruinnithe iomlána sa chartlann, nó ar chuid de chruinnithe. Mura bhfuil ríomhaire agus nasc idirlín agat, is féidir leat breathnú ar na cruinnithe ach na ríomhairí poiblí a úsáid i do leabharlann phoiblí. Ní mór gur comhalta den leabharlann thú chun na ríomhairí sin a úsáid. Tá sé éasca ballraíocht a fháil sa leabharlann. Téigh go suíomh gréasáin na leabharlainne chun foghlaim faoin gcaoi le cur isteach ar chárta leabharlainne, www.dublincitypubliclibraries.ie

D'fhéadfá breathnú ar mhiontuairiscí clóite na gcruinnithe comhairle i Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath atá ag 138 144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 HE37.

Bíon an tArdmhéara i gceannas ar chruinnithe na Comhairle Cathrach agus síníonn sé/sí taifid na n imeachtaí.



Cartlann de Chruinnithe na
Comhairle Cathrach

Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Má theastaíonn uait níos mó a fhoghlaim faoi mhéaraí éagsúla Bhaile Átha Cliath leis na blianta, is féidir leat cuairt a thabhairt ar Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath agus na Comhaid Staire a léamh, a chuir foireann na leabharlainne i dtoll a chéile.

Ó d'eisigh an Rí Anraí III cairt in 1229, tá cead ag saoránaigh Bhaile Átha Cliath Méara a thoghadh gach bliain (athraíodh an teideal go hArdmhéara i 1641). Faoi láthair roghnaíonn na comhairleoirí cathrach reatha an tArdmhéara gach bliain as a gcomhaltaí tofa féin.

Is é/í an tArdmhéara céadsaoránach chathair Bhaile Átha Cliath, agus ní ghéilleann sé/sí ach d'Uachtarán na hÉireann ó thaobh stádais de i gcathair Bhaile Átha Cliath. Is é/í cathaoirleach na comhairle tofa, a bhainistíonn gnó na gcruinnithe comhairle. Chomh maith leis sin, cuireann an tArdmhéara ceannaireacht chathartha ar fáil agus éascaíonn plé idir grúpaí difriúla sa chathair. Mar chéadsaoránach Bhaile Átha Cliath, gníomhaíonn an tArdmhéara mar Ambasadóir don chathair go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. I rith a t(h)earma oifige, cónaíonn an tArdmhéara san áit chónaithe oifigiúil, Teach an Ardmhéara.

Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil leo?

Sonraí teagmhála le haghaidh Halla na Cathrach:
Seomra na gComhaltaí Halla na Cathrach
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 222 2204.

I dtoghcháin áitiúla mhí na Bealtaine 2014, toghadh 63 ionadaí mar chomhairleoirí cathrach le haghaidh téarma cúig bliana. Tá an liosta thíos ceart amhail mí an Mheithimh 2017. Ach d'fhéadfadh sé athrú. Is féidir leat liosta a nuashonraítear go rialta a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath www.dublincity.ie

Comhairleoirí Cathrach Bhaile Átha Cliath (de réir ceantair)

Is féidir leat dul i dteagmháil le gach comhairleoir ar an liosta seo ag Seomra na gComhaltaí i Halla na Cathrach. Má theastaíonn uait dul i dteagmháil le comhairleoir ar bith le litir nó ar an nguthán ba cheart duit an teideal 'An Comhairleoir' a úsáid le bheith cinnte go bhfaigheann an duine ceart do theachtaireacht. De rogha air sin, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig do chomhairleoirí cathrach. Tá liosta de na seoltaí ríomhphoist le fáil ar www.dublincity.ie

Baile Munna

An Comhairleoir Cathleen
Carney Boud *Sinn Féin*

An Comhairleoir Áine Clancy
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir Andrew Keegan
An Comhaontas Pobal seachas Brabús

An Comhairleoir Paul McAuliffe
Fianna Fáil

An Comhairleoir Andrew
Montague
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir Noeleen Reilly
Sinn Féin

An Comhairleoir Norma Sammon
Fine Gael

An Chabrach – Fionnghlas

An Comhairleoir Brendan Carr
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir
Anthony Connaghan *Sinn Féin*

An Comhairleoir David Costello
Fianna Fáil

An Comhairleoir Teresa Keegan
Gan Pháirtí

An Comhairleoir
Séamas McGrattan *Sinn Féin*

An Comhairleoir Emma Murphy
Sinn Féin

An Comhairleoir Cieran Perry
Gan Pháirtí

An Chabrach – Fionnghlas

An Comhairleoir Hazel De Nortúin
Pobal seachas Brabús

CAn Comhairleoir Daithí De Róiste
Fianna Fáil

An Comhairleoir Daithí Doolan
Sinn Féin

An Comhairleoir Paul Hand
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Vincent Jackson
Ceannaire an Ghrúpa Gan Pháirtí

An Comhairleoir Greg Kelly
Sinn Féin

Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil leo? (ar lean)

Beaumont – Domhnach Míde

An Comhairleoir Paddy Bourke
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Tom Brabazon
Fianna Fáil

An Comhairleoir Declan Flanagan
Fine Gael

An Comhairleoir Alison Gilliland
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir John Lyons
An Comhaontas Pobal seachas Brabús

An Comhairleoir Míchéal Mac Donncha
Sinn Féin

An Comhairleoir Edel Moran
Sinn Féin

An Comhairleoir Michael O'Brien
Solidarity - The Left Alternative

An Comhairleoir Larry O'Toole
Sinn Féin

Cluain Tarbh

An Comhairleoir Deirdre Heney
Fianna Fáil

An Comhairleoir Jane Horgan-Jones
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir Sean Paul Mahon
Fianna Fáil

An Comhairleoir Naoise Ó Muirí
Fine Gael

An Comhairleoir Damian O'Farrell
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Ciaran O'Moore
Sinn Féin

Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil leo? (ar lean)

Ar www.dublincity.ie, roghnaigh ‘Your City Council’ ar ‘Main Menu’, ansin cliceáil ar an nasc ‘Your City Councillors’. As sin féadfaidh tú nasc a oscailt chuig liosta na gcomhairleoirí a dhéanann ionadaíocht ar chúig Cheantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cliceáil ar an gceantar ina gcónaíonn tú agus ansin cliceáil ar ainm an chomhairleora chun sonraí teagmhála a fháil.

Cromghlinn – Camaigh

An Comhairleoir Pat Dunne
An Eite Chlé Aontaithe

An Comhairleoir Tina MacVeigh
*An Comhaontas Pobal
seachas Brabús*

An Comhairleoir Ray McHugh
Sinn Féin

An Leas Ardmhéara
Rebecca Moynihan
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir Michael
Mullooly *Fianna Fáil*

An Comhairleoir Críona Ní
Dhálaigh *Sinn Féin*

Pembroke – An Duga Theas

An Comhairleoir Chris Andrews
Sinn Féin

An Comhairleoir Kieran Binchy
Fine Gael

An Comhairleoir Claire Byrne
An Comhaontas Glas

An Comhairleoir Mannix Flynn
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Dermot Lacey
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir Paddy McCartan
Fine Gael

An Comhairleoir Sonya Stapleton
Gan Pháirtí

Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil leo? (ar lean)

Lár na Cathrach Thuaidh

An Comhairleoir Janice Boylan
Sinn Féin

An Comhairleoir Christy Burke
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Ciarán Cuffe
An Comhaontas Glas

An Comhairleoir Gaye Fagan
Sinn Féin

An Comhairleoir Gary Gannon
Na Daonlathaigh Shóisialta

An Comhairleoir Ray McAdam
Fine Gael

An Comhairleoir Nial Ring
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Éilis Ryan
Páirtí na nOibrithe

Ráth Garbh – Ráth Maonais

An Comhairleoir Patrick Costello
An Comhaontas Glas

An Comhairleoir Anne Feeney
Fine Gael

An Comhairleoir Mary Freehill
Páirtí an Lucht Oibre

An Comhairleoir Ruairí McGinley
Gan Pháirtí

An Comhairleoir Claire O'Connor
Fianna Fáil

An Comhairleoir Dr Paddy Smyth
Fine Gael

Mar mhalairt air sin, téigh go www.dublin.ie, leag an cúrsóir thar an roghchlár 'Living' agus cliceáil an nasc 'Governance'. As sin féadfaidh tú an nasc go suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a leanúint agus an t eolas ar fad faoi do chomhairleoirí cathrach.

(Tá www.dublin.ie faoi úinéireacht agus bainistíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm leis ceiliúradh a dhéanamh ar an rud is dual agus is bunúsaí do Bhaile Átha Cliath; na daoine, na háiteanna agus na rudaí a dhéanann áit faoi leith de Bhaile Átha Cliath chun cónaí, oibriú, agus foghlaim ann.)

Is féidir leat glaoch a chur ar Sheirbhísí Custaiméirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freisin ar 222 2222 nó dul isteach go dtí an oifig ceantair, leabharlann phoiblí nó stáisiún Gardaí is gaire duit agus liosta comhairleoirí agus a sonraí teagmhála a fháil ansin.

Comhairle Cathrach
Baile Átha Cliath
Dublin City Council

Accessibility A A A Search

Main Menu - I want to - Contact Us Láthair Ghaeilge - Map Zone - Events A-Z -

Services

- Business
- Community
- Dublin Fire Rescue and Emergency Ambulance Service
- Culture and Amenities
- Housing and Community
- Planning
- Press and News
- Roads and Traffic
- Water, Waste and Environment

Your Council

- Your City Council
- About Dublin City Council
- Chief Executive
- Council Meetings
- Council Publications
- Joint Policing Committees
- Lord Mayor
- NPPR
- Register To Vote
- Strategic Policy Committees & Corporate Policy Group
- Your Area
- Your City Councillors
- Your Rights to Information
- Careers in Dublin City Council

HAP Scheme Luas Cross City Water services for business Find us on

Most popular

Planning Libraries Roads and Traffic Housing Culture & Amenities
Community Water, Waste and Environment Your Council Business

Read Planning News

View Weekly Planning Lists

Search for a Planning Application

View the City Development Plan

Emergency Numbers

Fire Brigade and Ambulance: 999 or 112
Dangerous Buildings: (01) 670 73 16
All Other Services: (01) 679 61 86
[Dublin Fire Brigade](#)
[Major Alerts website](#)

Dublin City Council on Twitter

Visit <https://t.co/GEGv0VMLIE> to find out about the Oscar Traynor Road Land Initiative Project. Find them on Twitter here: [@oscartraynor111](#) — 1 hour 3 min ago

RT @events_DCC: Ready to rock? 🎸 this week's #freeconcert on Thursday from 1-2pm Wood Quay Amphitheatre features @musicbyloah &...

See all our tweets on Twitter

Quick links

- [Dublin.ie](#)
- [Dublin Dashboard](#)
- [Galway to Dublin Cycleway Project](#)
- [Gov.ie](#)
- [Housing Monitoring Tool](#)
- [Journey Planner \(Transport for Ireland\)](#)
- [Local Enterprise Office - Dublin City](#)
- [LocalGov.ie](#)
- [National TFS Office](#)
- [Point of Single Contact](#)
- [Water.ie](#)

Website Feedback

NB: Please email customerservices@dublincity.ie for all other requests.

[Feedback Form](#)

Cén fáth ar cheart dom vóta a chaitheamh?

Is bealach tábhachtach í vótáil chun do thuairimí a chur in iúl faoi chúrsaí a chuireann isteach ort. Tugann vótáil deis duit páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar do shaol. Déantar cinntí ar do shon gach lá faoi chúrsaí cúram sláinte, oideachais agus tithíochta; faoi chúrsaí domhanda ar nós cosanta agus an chomhshaoil; agus faoi chúrsaí áitiúla ar nós leabharlanna poiblí agus saoráidí áineasa. Ach vóta a chaitheamh i dtoghchán áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, roghnaíonn tú na daoine a dhéanfaidh cinntí faoi chúrsaí a théann i bhfeidhm ar do shaol gach lá. Mura gcaitheann tú vóta, déanfaidh daoine eile an cinneadh sin duit.



An bhfuilim i dteideal vóta a chaitheamh?

Tá gach cónaitheoir i bPoblacht na hÉireann, atá 18 mbliana d'aois nó níos sine (nó a bheidh 18 mbliana d'aois faoin 15 Feabhra i mbliain an toghcháin) in ann clárú chun vóta a chaitheamh, beag beann ar a náisiúntacht nó saoránacht. Is é do chatagóir saoránachta a chinneann cé na toghcháin a bhfuil tú i dteideal vóta a chaitheamh iontu:

- Tá cead ag saoránaigh na hÉireann vóta a chaitheamh i reifreann e.g. vóta a chaitheamh ar son moladh go n athrófaí Bunreacht na hÉireann nó ina aghaidh;
- Tá cead ag saoránaigh na hÉireann vóta a chaitheamh i dToghcháin Uachtaránachta;
- Tá cead ag saoránaigh na hÉireann agus na Breataine vóta a chaitheamh sna toghcháin do Dháil Éireann (seomra íochtarach na parlaiminte);
- Tá cead ag saoránaigh na hÉireann, na Breataine agus thíortha eile an Aontais Eorpaigh vóta a chaitheamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa;
- Tá cead ag saoránaigh na hÉireann, na Breataine, thíortha eile an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach iad vóta a chaitheamh sna toghcháin áitiúla.

Dá bhrí sin, tá cead ag gach cónaitheoir i mBaile Átha Cliath, atá os cionn 18 mbliana d'aois, vóta a chaitheamh sna toghcháin áitiúla a thoghann ár gcomhairleoirí cathrach.

Chun vóta a chaitheamh caithfidh d'ainm a bheith cláraithe ar Chlár na dToghthóirí. Is liosta ainmneacha agus seoltaí é Clár na dToghthóirí de gach duine atá cláraithe chun vóta a chaitheamh. Cuireann d'údarás áitiúil Clár na dToghthóirí i dtoll a chéile.

Cén chaoi a bhfaighidh mé amach an bhfuilim ar Chlár na dToghtóirí?

Is féidir leat seiceáil an bhfuil d'ainm ar Chlár na dToghtóirí ach dul go dtí d'oifigí comhairle áitiúla, do leabharlann áitiúil, oifigí poist nó stáisiún Ghardaí agus cead a fháil breathnú ar an gclár. Is féidir Clár na dToghtóirí a sheiceáil ar líne freisin ar www.checktheregister.ie. Ar dtús roghnaigh do chúige agus an chomhairle contae/cathrach ón liosta a thugtar. Ansin cuir isteach do shráid/baile fearainn nó eircode bailí. (Tá an eircode tagtha in áit na gcód poist. Is féidir do eircode a aimsiú ar www.eircode.ie) Ansin caithfidh tú do chéadainm agus sloinne a chur sna boscaí cuardaigh.

Mura bhfuil ríomhaire agus nasc idirlín agat, is féidir leat ballraíocht a fháil i do leabharlann phoiblí agus na ríomhairí poiblí a úsáid ansin.

Ní chaithfidh tú athchlárú chun vótáil gach bliain, ach is ortsa atá an fhreagracht a sheiceáil go bhfuil d'ainm agus do sheoladh ar Chlár na dToghtóirí.



Cén chaoi a gcláraím le vóta a chaitheamh?

Caithfidh Rannán an Chirt Vótála na foirmeacha comhlánaithe a fháil faoin 14ú lá (gan an Domhnach, laethanta saoire poiblí ná Aoine an Chéasta san áireamh) roimh an lá vótála ionas go mbreithneofar iad a chur leis an bhforlónadh do thoghchán nó reifreann.

Ní chláraítear go huathoibríoch thú chun vótáil nuair atá 18 mbliana slánaithe agat. Caithfidh gach duine Foirm Chlárúcháin Vótálaí a chomhlánú. Tá an fhoirm sin ar fáil ó na húdaráis áitiúla, oifigí poist agus leabharlanna poiblí. Ansin cuirfear ar an dréachtleagan de Chlár na dToghthóirí thú. Foilsítear an dréachtchlár an 1 Samhain gach bliain agus bíonn go dtí an 25 Samhain an bhliain chéanna ag toghthóirí chun aon leasuithe ar a sonraí clárúcháin (e.g. athrú ar sheoladh) a chur in iúl. Cuirtear gach duine ar an dréachtchlár ar Chlár na dToghthóirí go huathoibríoch, a fhoilsítear an Feabhra ina dhiaidh sin.

Tugtar Rannán an Chirt Vótála ar an gcuid de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann Clár na dToghthóirí i dtoll a chéile do cheantar Chathair Bhaile Átha Cliath. Is féidir leat Foirm Chlárúcháin Vótálaí (RFA), Foirm don Fhorlónadh do Chlár na dToghthóirí (RFA2), Foirm d'Athrú ar Sheoladh (RFA3), nó Foirm d'Athrú ar Shaoránacht (RFA5) a fháil trí ríomhphost a chur chuig Rannán an Chirt Vótála i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (franchise@dublincity.ie) nó trí ghlaoch a chur ar seirbhísí custaiméirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, guthán 01 222 2222.

Seol aon fhoirm comhlánaithe ar ais trí SHAORPHOST chuig:

Rannán an Chirt Vótála
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Bloc 4,
Urlár 1,
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8
D08 RF3F

Tá na foirmeacha sin ar fad ar fáil lena n íoslódáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freisin. Téigh go www.dublincity.ie agus cliceáil ar an nasc 'Register to Vote' ar 'Main Menu'.

Cén chaoi a gcaitear vóta? Céard a dhéantar lá na vótála?

*Fianaise ar aitheantas – is dóigh go n iarrfar ort ceann acu seo a leanas a thaispeáint:

- pas;
- ceadúnas tiomána;
- cárta aitheantais oibre nó scoláire ar a bhfuil grianghraf;
- nó leabhar bainc, coigiltis nó comhar creidmheasa ina bhfuil do sheoladh sa dailcheantar nó toghcheantar.

D'fhéadfaí iad seo a thaispeáint freisin:

- leabhar seiceanna, cárta seiceanna nó cárta creidmheasa;
- teastas breithe nó pósta

Caithfear cáipéis eile a thaispeáint ina léirítear seoladh an tsealbhóra sa dailcheantar nó sa toghcheantar má thaispeántar cáipéis ón dá chatagóir deiridh. Ordaíonn Rannán an Chirt Vótála i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go n úsáidfí bille fónais chun na críche sin, e.g. gás, leictreachas.

Má tá tú cláraithe le vóta a chaitheamh, seolfar cárta vótála chugat roimh an toghchán. Insíonn an cárta vótála duit cén áit agus cén uair is féidir leat vóta a chaitheamh. Is féidir leat a fháil amach cá bhfuil do stáisiún vótála ach dul i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Ar Lá an Toghcháin, téigh go dtí do stáisiún vótála. Beidh ainm do stáisiúin vótála ar do chárta vótála. Go hiondúil bíonn sé i halla nó i scoil gar don áit a gcónaíonn tú. Bíonn stáisiúin vótála ar oscailt idir 7.00 a.m. agus 10.00 p.m. mar sin bíonn neart ama ann vóta a chaitheamh, fiú má bhíonn tú ag obair an lá ar fad. Mura bhfuil tú cinnte faoina bhfuil le déanamh, beidh an fhoireann sa stáisiún vótála in ann cabhrú leat.

Ag an stáisiún vótála, iarrfaidh an fhoireann d'ainm agus do sheoladh ort chomh maith le do chárta vótála. Ansin seiceálfadh siad go bhfuil tú ar chlár na dtoghthóirí. D'fhéadfaí iarraidh ort fianaise ar aitheantas a thabhairt.* Má dhéanann tú dearmad ar do chárta vótála, beidh tú fós in ann vóta a chaitheamh, fad is go bhfuil tú ar chlár na dtoghthóirí agus go bhfuil tú in ann fianaise bhailí ar aitheantas a thaispeáint.

Tabharfar bileog pháipéir duit ar a dtugtar páipéar ballóide, agus is air sin a chaithfidh tú do vóta. Tabharfar ainm gach iarrthóra ar an bpáipéar ballóide, chomh maith le grianghraf agus ainm pháirtí an iarrthóra (más cuí). Tabhair do pháipéar ballóide anonn chuig an mbothán vótála. Léigh na teoracha ar an bpáipéar ballóide go cúramach i gcónaí chun a chinntiú go gcomhlánaíonn tú do pháipéar ballóide i gceart. Cuir do pháipéar ballóide sa bhosca ballóide cuí nuair atá tú réidh leis. Má tá deacrachtaí vótála agat, iarr cúnamh ar an bhfoireann toghcháin.


Cén chaoi a gcaitear vóta? Céard a dhéantar lá na vótála (ar lean)

Tá míniú ar an gcaoi a n-oibríonn ionadaíocht chionmhar ar an suíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie. Cuir 'ionadaíocht chionmhar' sa bhosca cuardaigh agus cliceáil ar an nasc chun sonraí a fháil.

Nuair a bhíonn an vótáil réidh, comhairtear na vótaí agus fógraítear na torthaí. Úsáideann Éire córas an aonvóta inaistrithe sna toghcháin áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha. Ceapadh an córas sin chun ionadaíocht chionmhar a bhaint amach trí vótáil rangaithe. Iarrfar ort na hiarthóirí a rangú san ord is fearr leat. Is féidir leat vóta a chaitheamh do pé líon iarthóirí is maith leat, i.e. má tá seachtar iarthóirí ar an bpáipéar vótála, féadfaidh tú vóta a chaitheamh do gach aon duine san ord is fearr leat. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh fiú an vóta is ísle uait tionchar a imirt ar thorthaí toghcháin. Uaireanta bíonn comhairleamh na vótaí ag dul ar aghaidh i bhfad. D'fhéadfadh cúpla lá a bheith ann sula mbeadh na torthaí deiridh ar eolas.

Fógrófar na torthaí ar an nuacht ar an raidió agus ar an teilifís, agus tuairisceofar iad i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta.

Ná déan dearmad go gcaithfidh tú clárú chun do vóta a chaitheamh ar lá an toghcháin. Mura bhfuil tú cláraithe chun vóta a chaitheamh, ní bheidh tú in ann vótáil sa chéad toghchán eile. Má tá toghchán ar na bacáin, ach nach bhfuil tusa ar Chlár na dToghthóirí, is féidir leat tú féin a chur ar an **bhForlíonadh do Chlár na dToghthóirí suas le 14 lá roimh Lá na Vótála**.



An Príomhfheidhmeannach

Earcaítear príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí phróiseas earcaíochta iomaíoch a eagraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ceapadh Owen Keegan ina Phríomhfheidhmeannach i mí Mheán Fómhair 2013. Mar phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá sé freagrach as oibríochtaí laethúla na heagraíochta. Tá an príomhfheidhmeannach freagrach freisin as cinntí na comhairle a chur i bhfeidhm. Oibríonn an príomhfheidhmeannach le d'ionadaithe tofa (na comhairleoirí) agus le foireann na comhairle chun fíс Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm chun cathair chruthaitheach, inbhuanaithe a bhaint amach.

Foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Cé go bhfuil an príomhfheidhmeannach freagrach ar an iomlán as a chinntiú go bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil gan aon fhadhb, agus as cinntí beartais na comhairle tofa a chur i bhfeidhm, tarmilgtear soláthar na seirbhísí féin ar fhoireann na comhairle.

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an fostóir údaráis áitiúil is mó sa tír. Oibríonn foireann na Comhairle i réimse ollmhór post ag beagnach 500 láthair ar fud Bhaile Átha Cliath. Is foireann riaracháin go leor díobh a thacaíonn le hobair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; is foireann le sainscileanna cuid mhór díobh ar nós garraíodóirí, pleanálaithe, ailtirí, leabharlannaithe, innealtóirí, agus cuntasóirí; agus oibríonn go leor i réimse na n ealaíon, spórt, seirbhísí poiblí, seandálaíochta, caomhantais agus oidhreachta. Tá réachtáil éasca Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus seachadadh a seirbhísí éagsúla ag brath ar iarracht, tiomantas agus obair gach comhalta foirne ar leith. Is féidir leat níos mó a fhoghlaim faoi obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar www.dublincity.ie agus 'About Dublin City Council' a roghnú ón gcuid in íochtar ar an leathanach baile.

Má theastaíonn uait a bheith ar an eolas faoi phoist i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, téigh go dtí an suíomh gréasáin www.dublincity.ie agus roghnaigh 'Careers in Dublin City Council' ar 'Main Menu'. Nó d'fhéadfá cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin seirbhíse poiblí na hÉireann www.publicjobs.ie

Céard iad príomhsheirbhísí agus príomhfhreagrachtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?



Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath réimse seirbhísí ar fáil don earnáil aonair, phobail agus ghnó. Áirítear ina measc siúd

- Cultúr agus Fóntais;
- Seirbhís Éigeandála Otharchairr, Dóiteáin agus Tarrthála Bhaile Átha Cliath;
- Tithíocht agus Pobal;
- Pleanáil;
- Bóithre agus Trácht; agus
- Forbairt Pobail agus Shóisialta.

I dteannta na bhfeidhmeanna thuasluaite, is ról bunúsach de chuid rialtas áitiúil a thoghtar go daonlathach é ionadaíocht a dhéanamh ar phobail áitiúla trí ábhar imní an phobail áitiúil a chur in iúl agus freagairt ar riachtanais áitiúla.

Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath

Ba cheart duit aghaidh a thabhairt ar an Oifig Fiontair Áitiúil más ag lorg eolais agus tacaíochta i dtaobh ghnó a bhunú i gcathair Bhaile Átha Cliath atá tú. Cuireann siad réimse seirbhísí ar fáil chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus chun fiontraithe atá ag teacht i gcrann a spreagadh. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá meantóireacht agus oiliúint. Cuireann siad an-chuid eolas úsáideach ar fáil ar an suíomh gréasáin www.localenterprise.ie/DublinCity/. Tá an Oifig Fiontair Áitiúil lonnaithe in Oifigí na Cathrach. Is féidir dul i dteagmháil leo ar an nguthán, trí litir sa phost nó ar an ríomhphost.

Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath
Oifigí na Cathrach
Urlár 1
Baile Átha Cliath 8
Teil 01 222 5611
Rphost: info@leo.dublincity.ie

Cá bhfaigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t airgead chun íoc as seirbhísí?

Tá Buiséad Ioncaim €862.58 milliún le haghaidh 2017 ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuimsítear ansin a caiteachas ar fad, lena n-áirítear tithíocht, bóithre, uisce, leabharlanna, páirceanna, an bhriogáid dóiteáin agus tuarastal foirne. Tá Clár Caipitil trí bliana ar bun aici freisin (2017 go dtí 2019). Meastar gur fiú €1.087 billiún é sin. Áirítear leis tionscadail ar nós feabhsúcháin bóithre agus tithíocht nua.

Faigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath airgead ó na foinsí seo a leanas:

- díolachán earraí agus seirbhísí, e.g. cíos, táillí páirceála;
- rátaí tráchtála;
- deontais rialtais; agus
- an Cháin Mhaoine Áitiúil agus an Deontas Cuspóra Ghinearálta.

Is féidir leat níos mó a fhoghlaim faoin gcaoi a mbainistíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a buiséad ar an leathanach 'Caiteachas agus Ioncam' ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is féidir teacht ar an leathanach sin ach cliceáil ar an nasc seo:

www.dublincity.ie/main-menu-your-council-about-dublin-city-council/spending-and-revenue?language=ga

Cá bhfuil oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

Tá ceanncheathrú riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar Oifigí na Cathrach, lonnaithe gar do lár na cathrach i bhfoirgneamh tábhachtach ar bhruach theas na Life. Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí ar fáil do bhreis agus leathmhilliún duine a chónaíonn sa chathair is mó in Éirinn, agus don bhreis agus milliún go leith cuairteoir a bhíonn sa chathair gach lá. Mar gheall air sin, roinn an chomhairle an chathair ina cúig cheantar riaracháin ionas go bhféadfaí soláthar na seirbhísí sa phobal a chomhordú.



Cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi aon cheann dá seirbhísí?

Is iad na príomhpointí teagmhála do mhuintir Bhaile Átha Cliath le rannáin éagsúla Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn a seirbhísí:

- seirbhísí custaiméirí (guthán: 222 2222);
- na hOifigí Ceantair Áitiúil;
- suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath www.dublincity.ie

Sonraí teagmhála na nOifigí Ceantair Áitiúil:

An Lárcheantar

(lena n áirítear an Chloch Leathan, an Port Thuaidh, an Port Thoir, Droim Conrach, an Baile Bocht agus lár na cathrach thuaidh)

Oifig Ceantair Shráid Sheáin
Mhic Dhiarmada
51-53 Sráid Sheáin Mhic
Dhiarmada Íochtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 HW44

Guthán: 222 2248
Facs: 222 3831
Ríomhphost
central.area@dublincity.ie

Ceantar an Lárthuaiscirt

(lena n áirítear Cill Bharróg, Ráth Eanaigh, Béal Maighne, Cluain Ghrífin, Domhnach Míde, an Chúló, Cluain Tarbh, agus Fionnradharc)

Oifig Ceantair an Lárcheantair,
an Chúló (An Cheannoifig)
Ionad Cathartha an
Taoibh Thuaidh
Bóthar Bhun Raite
An Chúló
Baile Átha Cliath 17
D17 K462

Guthán: 222 8870
Facs: 877 5851
Ríomhphost:
north.central@dublincity.ie

Ceantar an Iarthuaiscirt

(lena n áirítear an Chabhrach, Baile an Ásaigh, Fionnghlas, Baile Munna, Seantrabh, an Halla Bán, Glas Naíon, Páirc an Fhionnuisce agus cuid de Bhaile Phib)

Oifig Ceantair Fhionnghlaise
Bóthar Uí Mhaoilíosa
Fionnghlas
Baile Átha Cliath 11
D11 YP68

Guthán: 222 5400
Facs: 834 6431
Ríomhphost:
northwestarea@dublincity.ie

Oifig Ceantair Bhaile Munna
Ionad Cathartha Bhaile Munna
An Phríomhshráid
Baile Munna
Baile Átha Cliath 9
D09 C8P5

Guthán: 222 5610
Facs: 842 4466
Ríomhphost:
northwestarea@dublincity.ie

Cén chaoi a rachaidh mé i dteagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi aon cheann dá seirbhísí? (ar lean)

Ceantar an Oirdheiscirt

(lena n áirítear Ráth Maonais, Ráth Gharbh, Tír an Iúir, an Rinn, an Baile Gaelach, Sráid an Phiarsaigh agus lár na cathrach thoir ó dheas)

Oifig Ceantair an Oirdheiscirt, Bloc 2, Urlár 4,
Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

Guthán: 222 2243 Facs: 222 2499
Ríomhphost: southeast@dublincity.ie

Ceantar an Lárdheiscirt

(lena n áirítear Baile Formaid, Inse Chór, Cromghlinn, Droimeanach, Baile Bhailcín, na Saoirsí agus lár na cathrach thiar ó dheas)

Oifig Ceantair an Lárdheiscirt
Urlár 1
Teach Eblana
Lána Mhuire Mhaith
Baile Átha Cliath 8
D08 E120

Guthán: 222 5200
Facs: 453 1088

Oifig Ceantair Chromghlinne
13 Sráidbhaile Chromghlinne
Cromghlinn
Baile Átha Cliath 12
D12 XV83

Guthán: 222 5500
Facs: 408 7030
Ríomhphost:
crumlinarea@dublincity.ie

Oifig Ceantair Bhaile Formaid
Ionad Cathartha Pobail
Bhaile Formaid
Bóthar Bhaile Formaid
Bhaile Formaid
Baile Átha Cliath 10
D10 T042

Guthán: 222 4660
Facs: 621 5939
Ríomhphost:
ballyfermotareaoffice@dublincity.ie


Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú leis an daonlathas

Is taisce eolais agus smaointe í Seirbhís Leabharlann Phoiblí Chathair Bhaile Átha Cliath a bhíonn ag fás agus ag forbairt de shíor. Tugann sí léargas iomlán ar nádúr an daonlathais trí bhonn eolais a chur ar fáil do na saoránaigh ar a bhfreastalaíonn sí, oideachas a chur orthu agus a saol a fheabhsú. Is acmhainn riachtanach eolais í atá saor in aisce agus ar fáil do chách. Is í príomhbhrainse eolais an rialtais áitiúil í. Freastalaíonn sí ar os cionn leathmhilliún duine a chónaíonn sa chathair agus cuireann sí seirbhísí tagartha ar fáil don bhreis agus milliún cónaitheoir i réigiún na cathrach, lena n-áirítear go leor daoine a bhíonn i mbun staidéir nó oibre nó a thugann cuairt ar an gcathair gach lá. Is é an tseirbhís leabharlainne poiblí is mó i bPoblacht na hÉireann é.

Má theastaíonn uait níos mó a léamh faoi chúrsaí daonlathais, breathnaigh ar an liosta léitheoireachta ar an gcéad leathanach eile.

Tá ceanncheathrú sheirbhís Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath lonnaithe in:
Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, 138 144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 HE37

Guthán: 674 4800 Facs: 01 674 4879
Ríomhphost: dublinpubliclibraries@dublincity.ie
www.dublincitypubliclibraries.ie



Léitheoireacht mholta agus tuilleadh taighde

Tuilleadh Taighde

Tá fáil ar an méid seo a leanas sa Seomra Léitheoireachta i Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh:

- bunachar sonraí de Chomhairleoirí Cathrach Bhaile Átha Cliath ó 1881 i leith;
- comhaid staire faoi stair Bhaile Átha Cliath agus Ardmhéaraí Chathair Bhaile Átha Cliath; agus
- miontuairiscí chruinnithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá na miontuairiscí le fáil freisin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar www.dublincity.ie. Is féidir leat an fheidhm cuardaigh a úsáid freisin chun cláir oibre agus tuairiscí ó chruinnithe coiste roimhe seo a aimsiú.

Tá na leabhair seo a leanas ar fáil i Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath. Breathnaigh ar an gcatalóg chun sonraí breise a fháil ar www.dublincitypubliclibraries.ie:

Callanan, Mark, agus Keogan, Justin F. Eds. (2003) Local Government in Ireland – Inside Out. Bhaile Átha Cliath, an Foras Riaracháin

Callanan, Mark eag. (2007) Ireland 2022 – Towards One Hundred Years of Self-Government. Bhaile Átha Cliath, an Foras Riaracháin

Clark, Mary (2006) Serving The City: Dublin City Managers and Town Clerks 1230 – 1996. Baile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Harris, Clodagh eag. (2005) Engaging Citizens: the Case for Democratic Renewal in Ireland. A report of the Democracy Commission. Tasc ag New Ireland Press.

Higgins, Michael D. (2016) When Ideas Matter: Speeches for an Ethical Republic. Londain, Head of Zeus.

Higgins, Michael D. (2011) Renewing the Republic. Baile Átha Cliath, Liberties Press.

Jeffers, Gerry, agus O'Connor, Una eag. (2009) Education for Citizenship and Diversity in Irish Contexts. Bhaile Átha Cliath, an Foras Riaracháin.

Kissane, Bill (2011) New Beginnings: Constitutionalism and Democracy in Modern Ireland. Baile Átha Cliath, University College Dublin Press.

Kissane, Bill (2002) Explaining Irish Democracy. Baile Átha Cliath, University College Dublin Press.

MacCarthaigh, Muiris (2009) Government in Modern Ireland. Bhaile Átha Cliath, an Foras Riaracháin.

Murphy, Mary P., agus O'Broin, Deiric eag. (2013) Politics, Participation and Power: Civil Society and Public Policy in Ireland. Baile Átha Cliath, Glasnevin Publishing.

Tierney, Myles (2002) I Am My Rights: a Little Book of Politics. Baile Átha Cliath, Institiúid Caidrimh Phoiblí na hÉireann.